Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh: Ciste na mBailte Croí Cónaithe

## CCanna

Nollaig 2024

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**gov.ie**

1. **Cad is Ciste na mBailte Croí Cónaithe ann?**

Tá go leor limistéar ar fud chathracha, bailte, sráidbhailte agus áiteanna tuaithe sa tír buailte ag fadhbna réadmhaoine folmha, a d'fhéadfadh, beocht inbhraite a chur leo agus a d'fhéadfadh cóiríocht nua a chur ar fáil sna limistéir sin dá gcuirfí ar ais in úsáid iad. Is tionscnamh tábhachtach é Ciste na mBailteCroí Cónaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag na cuspóirí beartais seo atá leagtha amach i gConair a Ceathair de Thithíocht do Chách.

Tá dhá scéim faoi Chiste na mBailte Croí Cónaithe a chuireann údaráis áitiúla ar fáil. Cuireann an **Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh** deontas ar fáil do dhaoine chun tacú le hathchóiriú na réadmhaoine foilmhe. Lena chois sin faoin **Scéim um Réidh le Tógáil**, cuireann údaráis áitiúla láithreáin seirbhísithe ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte ar ráta lascainithe do dhaoine ar mian leo a dteach féin a thógáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

Seoladh an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, arna mhaoiniú ag Ciste na mBailte Croí Cónaithe, ar an 14 Iúil 2022 agus téann sé chun tairbhe dóibh siúd ar mian leo teach nó foirgneamh abhí folamh roimhe seo a iompú ina bpríomháit chónaithe phríobháideach nó ina réadmhaoin ar chíos.

2. **Cén maoiniú atá ar fáil d'iarratasóirí faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh?**

Ón 1 Bealtaine 2023, beidh deontas suas le huasmhéid **€50,000**[1] ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh lena n-áitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach agus le haghaidh réadmhaoine a chuirfear ar fáil ar chíos agus an tionóntacht cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC), lena n-áirítear réadmhaoin nár úsáideadh mar réadmhaoin chónaithe go dtí seo a athchóiriú, faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm[2]. Beidh sé seo faoi réir teorainneacha uachtaracha do na cineálacha oibre a shonraítear thíos (Q.23) ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Beidh costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach suas le **€50,000**, beidh uasmhéid deontais bhreisithe suas le **€20,000** ar fáil sa chás go bhfuil sé deimhnithe ag na hiarratasóirí go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (i.e. nach bhfuil sé slán go struchtúrtha de agus contúirteach) nó má tá an réadmhaoin ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil cheana féin, rud a mhéadóidh an uasteorainn deontais atá ar fáil do réadmhaoin thréigthe go huasmhéid **€70,000**. I gcás deontais bhreisithe i ndáil le réadmhaoin thréigthe nach bhfuil ar chlár na láithreán tréigthe, ní mór tuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach in éineacht leis an iarratas, a dheimhníonn, chun sástacht an údaráis áitiúil, go bhfuil an réadmhaoin tréigthe, i.e. nach bhfuil sí slán ó thaobh struchtúir di agus go bhfuil sí contúirteach. Ní mór dóibh siúd atá ag cur isteach ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais cé acu tá iarratasá dhéanamh acu maidir le réadmhaoin a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach nó réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos.

Ní mór d'iarratasóir(í) a thug le fios go bhfuil iarratas á dhéanamh aige / acu maidir le réadmhaoin a bheidh ina phríomháit / bpríomháit chónaithe phríobháideach aige / acu a chur in iúl freisin an bhfuil iarratas déanta aige / acu ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) nó ar LAPR athchóirithe amháin.

---

[1] Ón 14ú Iúil 2022 go dtí an 30ú Aibreán 2023, bhí deontas suas le €30,000 ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh agus bhí deontas suas le €50,000 ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin thréigthe

[2] Tagraíonn sé seo d'fhoirgneamh a úsáideadh roimhe seo le haghaidh úsáid tráchtála nó úsáid phoiblí

Ní mór dóibh siúd atá ag cur isteach ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais freisin má tá siad ag cur isteach ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh amháin nó ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus an Deontas breisithe um Réadmhaoin Thréigthe mar chuid dó.

Braithfidh leibhéal an deontais ar na hoibreacha a cheadóidh an an t-údarás áitiúil agus íocfar é bunaithe ar ar fhianaise amhail sonraisc / admhálacha a deimhníodh tar éis iniúchadh deiridh de chuid an údaráis áitiúil.

D'fhéadfadh deontas don Scéim um Tithe le Fuinnimh Níos Fearr de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)[3] a bheith ar fáil in éineacht leis an deontas seo. Ba cheart oibreacha atá clúdaithe ag Scéim SEAI um Tithe le Fuinnimh Níos Fearr a bheith scoite ó na hoibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Caithfear an t-údarásáitiúil a shásamh nach ndéantar éileamh ar na hoibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

**3. Cé a dhéanann bainistiú ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh?**

Tá an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh á bhainistiú agus á riar ag na húdaráis áitiúla thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Faigheann agus próiseálann gach údarás áitiúil iarratais ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus déanann siad cinntí orthu.

**4. Cén réadmhaoin atá incháilithe don deontas?**

Ní mór réadmhaoine a bhreithnítear lena gcur san áireamh a bheith tógtha roimh 2007[4] agus an bhliain sin san áireamh agus a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó tráth an iarratais, teastaíonn fianaise a thacaíonn leis sin mar chuid den iarratas ar dheontas.

[3] I measc na nDeontas SEAI tá Insliú Áiléir suas le €1,700, Insliú Cuasbhalla suas le €1,700, Insliú Inmheánach suas le €4,500, Insliú ar Bhallaí Seachtracha suas le €8,000, Córais Teaschaidéil suas le €6,500, Fearais Ghrianfhuinnimh Fhótavoltaigh suas le €2,400. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI: www.seai.ie

[4] Roimh an 1 Bealtaine 2023, ní raibh ach réadmhaoin a tógadh roimh 1993 incháilithe don deontas.

5. **Cad iad na céimeanna chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do RéadmhaoinFholamh?**

Déantar oibriú an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a tharmligean chuig údaráis áitiúlaa riarann an scéim.

**Na céimeanna chun an t-iarratas ar dheontas a mheasúnú agus a fhaomhadh:**
Déanfaidh an t-údarás áitiúil a ndéantar an t-iarratas chuige:

- seiceáil an fhoirm iarratais lena chinntiú go bhfuil sí comhlánaithe go hiomlán, go bhfuil an dearbhú ar an bhfoirm iarratais sínithe agus gur cuireadh na doiciméid tacaíochta riachtanacha isteach;
- measúnú ar an iarratas de réir choinníollacha na scéime;
- sa chás go bhfuil an t-iarratas in ord agus gur cuireadh doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil, socrú go mbeidh foireann theicniúil oiriúnach in ann cuairt a thabhairt ar an réadmhaoinchun na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a sheiceáil agus chun measúnú a dhéanamh ar na costais réamh-mheasta mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais;
- scríobh chuig an iarratasóir / na hiarratasóirí lena chur in iúl dó / dóibh ar éirigh leis an iarratas agus méid an mhaoinithe deontais a ceadaíodh (féadfar ceadú i bprionsabal a thabhairt i gcás nach leis an iarratasóir / na hiarratasóirí an mhaoin tráth an iarratais – féach C. 8 thíos)

**Sula n-íocfar an deontas:**

- I gcásanna inar deonaíodh cead i bprionsabal, ní mór cruthúnas úinéireachta a sholáthar **sular** n-íocfar an deontas;
- maidir le réadmhaoin atá á cur ar fáil le ligean ar chíos, teastaíonn fianaise gur chláraigh an t-iarratasóir an tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe;
- éileoidh an t-údarás áitiúil ar an iarratasóir / ar na hiarratasóirí fianaise a chur isteach, amhail sonraisc / admhálacha atá mionsonraithe go cuí le haghaidh na n-oibreacha críochnaithe;
- tabharfaidh an t-údarás áitiúil faoi chuairt deiridh ar réadmhaoin chun iniúchadh a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an obair déanta deréir an iarratais ar dheontas agus go dtacaíonn na doiciméid sonraisc a chuirtear ar fáil leis;
- soláthróidh an t-údarás áitiúil comhaontú atá le síniú ag iarratasóir / iarratasóirí ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin;
- éileoidh an t-údarás áitiúil sonraí cuntais bainc an iarratasóra / na n-iarratasóirí maidir leis an áit a bhfuil an deontas le híoc agus freisin imréiteach cánach an iarratasóra /na n-iarratasóirí ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haon íocaíocht deontais atá á híoc os cionn € 10,000;
- más rud é gur éirigh leis an iarratasóir / na hiarratasóirí leas a bhaint as Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) nó LAPR athchóirithe amháin, éilíonn téarmaí na scéime sin go síneoidh an t-iarratasóir / na hiarratasóirí litir Treorach Íocaíochta. Dá bhrí sin, déanfar an íocaíocht deontais leis an rannóg den údarás áitiúil a bhainistíonn Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil;
- Nuair a bheidh an t-údarás áitiúil sásta, íocfar an deontas.

**6. Cad a nglactar leis mar chruthúnas ar fholúntas?**

Caithfidh an réadmhaoin a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó **tráth an iarratais ardheontas.** Teastaíonn cruthúnas ar fholúntas chun tacú le hiarratais ar dheontais.

Is féidir folúntas na réadmhaoine a dheimhniú agus a fhíorú ar bhealaí éagsúla, amhail billí fóntais nóa chómhaith mar fhianaise ach é ar fáil. Is féidir leis na billí seo feidhmiú mar fhianaise chun cinneadh a dhéanamh ar fhad an fholúntais, (e.g. úsáid leanúnach íseal nó nialasach ar leictreachas a thaispeáint thar thréimhse dhá bhliain, nó dícheangal a léiriú le linn an ama sin). **Ní mór donúdarás áitiúil deimhniú folúntais a bhailíochtú agus a fhíorú roimh cheadú deontais.**

**Tabhair faoi deara nach gceadaítear don iarratasóir réadmhaoin a choinneáil folamh d'aon ghnóagus gan cúis mhaith d'fhonn is go gcáileofaí don deontas.**

**7. Cad a nglactar leis mar chruthúnas ar Thréigthe?**

Chun go measfar réadmhaoin a bheith tréigthe (i.e. nach bhfuil slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach), ní mór don iarratasóir é sin a dheimhniú trí thuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach leis an bhfoirm iarratais. Is féidir a mheas go bhfuil an réadmhaoin tréigthe freisin má tá sí ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil.

**8. An gá dom an réadmhaoin a bheith faoi úinéireacht agam chun leas a bhaint as an deontas seoagus cad iad na cruthúnais úinéireachta inghlactha?**

Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil chun tacú leis an iarratas ar dheontas.
I gcás nach leis an iarratasóir / na hiarratasóirí an mhaoin fós, féadfaidh údarás áitiúil ceadú a thabhairt i bprionsabal don iarratas ar dheontas i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir in ann fianaise a sholáthar ar idirbheartaíocht ghníomhach chun réadmhaoin a cheannach i.e. deimhniú rannpháirtíochta ó ghníomhaire eastáit nó úinéir na réadmhaoine agus sa chás go soláthraíonn an t-úinéir cibé fianaise maidir le folúntas a éilítear faoin scéim thar ceann an iarratasóra.

**Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR), glacfar le fianaise gur éirigh le d'iarratas LAPR i measúnú chéim 1 mar fhianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach.**

**Ní dheimhneofar ceadú i bprionsabal den sórt sin mar cheadú iomlán go dtí go n-aistreofar an úinéireacht chuig na hiarratasóirí. Ní íocfar deontas go dtí go mbeidh úinéireacht den sórt sin deimhnithe chun sástacht an údaráis áitiúil.**

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar na doiciméid a d'fhéadfadh an t-údarás áitiúil ábhartha a thabhairt san áireamh mar fhianaise úinéireachta don íocaíocht deontais.

| Ceanglais Úinéireachta maidir le híocaíochtdeontais | Samplaí de Chruthúnas a cheadaítear |
|---|---|
| Ní mór úinéireacht na teaghaise a bheith faoi úinéireacht duine / daoine aonair (i gcomhpháirt nó gan i gcomhpháirt) agus tá an t-údarás áitiúil freagrach as an úinéireacht a fhíorú sula ndeonaítear faomhadh. | • Gníomhas teidil[5] nó ionstraim dlí chomhchosúil lena gcruthaítear úinéireacht na réadmhaoine;<br>• fianaise gur íocadh Cáin Mhaoine Áitiúil(CMÁ);<br>• ráiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12mhí anuas. |

**9. Cad is gá dom a chur isteach má tá cead pleanála ag teastáil chun na hoibreacha athchóirithear an réadmhaoin a chur i gcrích?**

Nuair is cuí, caithfidh an t-iarratasóir fianaise a chur isteach ar chead pleanála don fhorbairt / do na hoibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.

D'fhéadfadh sé go mbainfeadh forbairt le hathchóiriú ar réadmhaoin fholamh atá beartaithe chun cónaí ann a mbeadh gá le cead pleanála ina leith. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir faoin scéim fianaise a chur ar fáil go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear an deontas deiridh. I gcásanna ina dtagann ceist chun cinn maidir le cé acu teastaíonn cead pleanála ó fhorbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í, ceanglófar ar iarratasóir faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. D'fhéadfadh an cheist seo teacht chun cinn go háirithe, igcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fhada ama, agus réadmhaoin atá i riocht suntasach drochbhail nó a dteastaíonn oibreacha substaintiúla uathu araon.

I gcásanna ina bhfuil gá le cead pleanála don fhorbairt nó do na hoibreacha atá i gceist, féadfaidh an t-údarás áitiúil cead i bprionsabal a thabhairt don iarratas, go dtí go bhfaigheann an t-iarratasóir cead pleanála. Sna himthosca sin cuirfidh an t-iarratasóir isteach sonraí faoina iarratas pleanála reatha mar chuid dá iarratas ar dheontas. Ní dheimhneofar aon cheadú deontais i bprionsabal mar cheadú iomlángo dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

**10. Cé mhéad iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh is féidir a dhéanamh inaghaidh an duine?**

Is féidir iarratais a dhéanamh maidir le réadmhaoin amháin a chuirfidh an t-úinéir ar fáil le ligean ar chíos, chomh maith le deontas amháin do réadmhaoin a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach de chuid an iarratasóra i.e. ní féidir le hiarratasóir ach suas le dhá iarratas ar dheontasa chur isteach. <u>Ní féidir ach deontas amháin a íoc in aghaidh an duine maidir le réadmhaoin fholamh atá á hathchóiriúle ligean ar chíos.</u>

[5] Is féidir gníomhas teidil a fháil ó Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (www.landdirect.ie)

11. **An féidir le duine a chur isteach roimhe seo ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh i leith réadmhaoin arb í a príomháit chónaithe phríobháideach í iarratas a dhéanamhanois ar an deontas maidir le réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos?**

Is féidir. Is féidir iarratais a dhéanamh maidir le réadmhaoin amháin a chuirfidh an t-úinéir ar fáil ar chíos, chomh maith le deontas amháin do réadmhaoin a bheidh mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu. Tá daoine aonair a fuair cead deontais roimhe seo chun príomháit chónaithe phríobháideach a athchóiriú fós i dteideal iarratas ar dheontas ar leithligh a chur isteach le haghaidh réadmhaoin a chuirfear ar fáil le ligean ar chíos.

12. **Rinne mé iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh sular leathnaíodh an deontas ar an 1 Bealtaine 2023 – an mbeidh feidhm ag na rátaí athbhreithnithe ar m'iarratasa?**

Déanfar daoine aonair a bhfuil iarratais ar feitheamh acu (nach bhfuil ceadaithe fós) don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a mheas le haghaidh maoiniú breise faoi na harduithe ar ráta deontais a fógraíodh le déanaí. Beidh sé seo bunaithe ar na hoibreacha athchóirithe atá leagtha amachsan iarratas ar dheontas agus ar mheasúnú an údaráis áitiúil ar na costais atá beartaithe.

I gcás iarratais a ceadaíodh, is féidir na rátaí athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ag pointe na cuairte deiridh ar an láithreán. Beidh breac-chuntas tugtha ag na hiarratasóirí ar na hoibreacha athchóirithe beartaithe go léir atá le cur i gcríoch ar an réadmhaoin san fhoirm iarratais a chuirfear isteach.I bhfianaise na rátaí deontais athbhreithnithe, is féidir leis an údarás áitiúil athbhreithniú a dhéanamhar an bhfoirm iarratais a cuireadh isteach, ar na hoibreacha athchóirithe atá liostaithe agus ar an bhfianaise ar chaiteachas deimhnithe. Tar éis an mheasúnaithe seo, féadfaidh siad athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá le híoc leis na hiarratasóirí, de réir mar is cuí.

13. **An féidir liom bogadh isteach sa réadmhaoin nuair a chuirim iarratas faoi bhráid an údaráis áitiúil?**

Nuair a chuirtear deimhniú ar fholúntas isteach in éineacht le d'iarratas ar dheontas, is féidir leat bogadh isteach sa réadmhaoin, nuair a chuirtear an t-iarratas isteach. Nóta - ní mór don mhaoin a bheith folamh ar feadh 2 bhliain roimh dháta an iarratais.

14. **Tá sé i gceist agam iarratas a dhéanamh ar an deontas chun réadmhaoin a chur ar fáil ar chíos – cad iad na caighdeáin a chaithfidh an réadmhaoin a chomhlíonadh?**

Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar chíos agus a chinntiú go bhfuil a gcuid réadmhaoine ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar chíos. Féach www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print. Mar chuid den dearbhú atá le síniú san fhoirm iarratais, ní mór do gach iarratasóir aontú go gcloítear leis na caighdeáin sin agus go gcomhlíontar iad.

15. **Is mian liom réadmhaoin fholamh ar oileán a athchóiriú – an bhfuil aon tacaíocht bhreise ar fáil dom?**

Ón 1 Iúil 2023, tá tacaíocht bhreise ar fáil faoin Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh chun tacúle hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholmha agus thréigthe atá suite ar na hoileáin chun cuidiúle hiad a chur in úsáid arís. Is féidir teacht ar liosta de na hoileáin cháilitheacha ina bhfuil an cistiú breise seo ar fáil tríd an nasc seo a leanas a úsáid.

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/645a3-oileain-mhara-a-bhfuil-conai-orthu/

Tá uasráta an Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folamh atá iníoctha suas le 20% níos airde do réadmhaoine fholmha agus thréigthe incháilithe ar oileáin cháilitheacha. Tugann sé seo na huasrátaí deontais d'athchóiriú réadmhaoine ar oileáin suas go dtí €60,000 chun sealúchais fholmha a athchóiriúagus €84,000 nuair a dheimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe. Méadaítear freisin na huasteorainneacha costais do na catagóirí oibreacha aonair faoi 20%.

16. **An féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas má tá sé i gceist agam réadmhaoin tráchtálafholamh a thiontú ina theach cónaithe?**

Is féidir, a luaithe a bheidh an réadmhaoin ina príomháit chónaithe phríobháideach agat nó curtha arfáil ar chíos agat. Ní mór duitse agus don réadmhaoin gach riachtanas incháilitheachta eile atá leagthaamach sa cháipéis seo a chomhlíonadh. Tá díolúintí pleanála ar fáil chun úsáid réadmhaoine a thiontúó thráchtáil go cónaitheach. Féach https://www.gov.ie/en/publication/f3a0e-notifications-received-by-local-authorities-under-planning-permission-exemptions-for-converting-certain-vacant- commercial-property-into-homes/

17. **Cheannaigh mé réadmhaoin fholamh / tá réadmhaoin fholamh agam os cionn siopa a bhfuil cóiríocht chónaithe aige ar na hurláir uachtaracha. Tá sé i gceist agam an chuid chónaithe a úsáid mar mo phríomháit chónaithe phríobháideach / an réadmhaoin a chur ar fáil ar chíos agus an t-aonad siopa a chur amach ar cíos. An gcáilím don deontas don fhoirgneamh ar fad nó donchuid chónaithe amháin?**

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar dheontas d'athchóiriú na cóiríochta os cionn an tsiopa ar na hurláir uachtaracha amháin. Ní féidir aon athchóiriú a chuireann leis an bhfoirgneamh ar fad a chur san áireamh, mar shampla córas teasa don réadmhaoin ar fad, an siopa san áireamh.
Ní mór duit na riachtanais incháilitheachta eile go léir a chomhlíonadh freisin d'fhonn a mheas don deontas agus déanfaidh foireann theicniúil oiriúnach ón údarás áitiúil measúnú freisin ar na hoibreacha molta sular féidir d'iarratas a cheadú. Féach an tagairt do dhíolúintí pleanála thuas i gceist 16.

18. **An gá dom bheith i mo chónaí sa réadmhaoin?**

Nuair a seoladh an deontas, ceann de na coinníollacha ná go raibh ar an úinéir / na húinéirí ábhartha cónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha.

Ón 1 Bealtaine 2023, tá an deontas ar fáil freisin d'iarratasóirí a bhfuil sé ar intinn acu an réadmhaoina athchóiriú agus í a chur ar chíos.
Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an réadmhaoin a úsáid mar phríomháit chónaithe, ní mór an dearbhú (ar an bhFoirm Iarratais) a sholáthar don údarás áitiúil a dhearbhaíonn go bhfuil sé beartaitheag an duine aonair cónaí san áit chónaithe nuair a thagann deireadh leis na hoibreacha cáilitheacha aran teaghais.
Beidh coinníollacha aisghlámtha i bhfeidhm sa chás go scoireann an t-iarratasóir / na hiarratasóirí de bheith ina chónaí / gcónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an áit chónaithe a chur ar fáil ar chíos, ní mór an dearbhú (ar an bhFoirm Iarratais) a thabhairt don údarás áitiúil go gcuirfear an réadmhaoin ar fáil ar chíos nuair a bheidh na hoibreacha cáilitheacha ar an teaghais críochnaithe agus go gclárófar an tionóntacht leis anmBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní mór fianaise ar chlárú na tionóntachta leis an BTC a chur ar fáil sula n-íocfar an deontas. Beidh coinníollacha aisghlámtha i bhfeidhm mura mbeidh an réadmhaoinar fáil ar chíos a thuilleadh laistigh de dheich mbliana.

19. **Cheannaigh mé réadmhaoin fholamh / bhí réadmhaoin fholamh agam sular seoladh an scéim ar an 14 Iúil 2022, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas?**

Ní mór duit úinéireacht na réadmhaoine a chruthú agus cruthúnas a bheith agat go bhfuil an réadmhaoin folamh le 2 bhliain nó níos mó agus nach bhfuil tús curtha go fóill leis na hoibreacha ar an réadmhaoin a bhfuil an deontas á iarraidh ina leith. Ní féidir ach oibreacha <u>beartaithe</u> ar an bhfoirm iarratais agus faofa ag an údarás áitiúil a mheas le haghaidh an deontais. Ní féidir iarratas a dhéanamh ar obair athchóirithe a bhfuil tús curtha léi cheana féin.

20. **An bhfuil an deontas ar fáil d'fhorbróirí nó d'iarratasóirí ar mian leo a gcuid maoine a athchóiriú agus iad a ligean ar cíos?**

Tá an deontas ar fáil do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoin mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu nó d'iarratasóirí a chuirfidh an réadmhaoin ar fáil le ligean ar cíos ar an margadh príobháideach. Níl sé ar fáil do chuideachtaí cláraithe, d'fhorbróirí, do ghnóthais srl. Ní féidir ach le duine(daoine) ainmnithe ar leo an mhaoin a bhfuil iarratas á dhéanamh ar an deontas ina leith nó atá ag gabháil go gníomhach do cheannach na maoine iarratais a dhéanamh.

Ní fhéadfaidh iarratasóirí ach sochar a bhaint as suas le dhá dheontas agus cinnteoidh údaráis áitiúla rianú agus seiceáil leordhóthanach ina leith sin.

<u>**Ní féidir ach deontas amháin a íoc in aghaidh an duine maidir le réadmhaoin fholamh atá á hathchóiriú le ligean ar chíos.**</u>

**21. Céard is príomháit chónaithe phríobháideach ann?**

Is éard is príomháit chónaithe phríobháideach (PCP) ann ná réadmhaoin atá faoi úinéireacht agat agusa bhfuil tú i do chónaí ann i gcónaí nó a mbíonn tú i do chónaí ann an chuid is mó den am.

**22. Níl bhím i mo chónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann ach tá sé beartaithe agam réadmhaoinfholamh a cheannach agus cónaí anseo go buan, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas?**

Is féidir, má tá tú go gníomhach ag tabhairt faoi cheannach réadmhaoine atá folamh le 2 bhliain anuas agus a tógadh suas go dtí 2007 agus an bhliain sin san áireamh, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an deontas. Ní mór duit fós cruthúnas rannpháirtíochta gníomhaí chun an réadmhaoin áirithe a cheannach agus cruthúnas go bhfuil an réadmhaoin folamh a chur ar fáil. Caithfidh an réadmhaoin, áfach, a bheith i do phríomháit chónaithe phríobháideach nó ar fáil le ligean ar cíos. Níl sí ar fáil do chuideachtaí cláraithe, forbróirí, gnóthais srl.

**23. Cad iad na cineálacha oibre a chumhdaítear faoin deontas?**

Tá na catagóirí oibreacha seo a leanas incháilithe le haghaidh cúnamh deontais, faoi réir measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus faoi réir na dteorainneacha le haghaidh oibreacha sonracha mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ní mór na hoibreacha a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin.

**Le héifeacht ón 1 Nollaig 2024 faoin gcatagóir oibre 'Seirbhísí' (Uimh. 6 sa tábla a thaispeántar thíos), ní mhaoineofar suiteáil coire aonair a chumhachtaítear le breoslaí iontaise le haghaidh téimh leis an deontas[6].**

**Ní chuirtear bac ar iarrthóir leis sin costas coire aonair a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a chlúdach dóibh féin, mar chuid de na hoibreacha athchóirithe iomlána ar an réadmhaoin.**

Beidh riachtanais athchóirithe do gach réadmhaoin éagsúil ag brath ar chineál / méid / riocht an fhoirgnimh atá ann cheana féin. Tá na leibhéil tairseacha costais atá leagtha amach thíos bunaithe ar ghnáth-theach leathscoite dhá stór, 3 sheomra leapa[7].

[6] Chun ceanglais in Alt 17 (15) den Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh na hEorpa (AE/2024/1275) a chomhlíonadh.

[7] Maidir le hoileáin, méadaítear na huasteorainneacha costais do chatagóirí oibreacha aonair faoi 20%

| Uimh. | Catagóir na nOibreacha | Uasteorainn ar eilimintí sonracha (CBL san áireamh)<br>*bunaithe ar theach dhá stór, trí sheomraleapa, leathscoite* |
|---|---|---|
| 1 | **Scartáil* / Bain amach / Réiteach Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas dothréigiú san áireamh |
| 2 | **Oibreacha fostruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí a ardú; dúshraitheanna / leaca; taisdíonadh; fothaca) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas dothréigiú san áireamh |
| 3 | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha / seachtracha simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas dothréigiú san áireamh |
| 4 | **Críochnuithe** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse agus fuinneoga seachtracha; doirse inmheánacha agus a gcuid frámaí, imchásálacha agusearra iarainn; balastráidí cláir sciortaí; díonléasacha; éadain / tarrchláir earraí báistí) | |
| 4a | críochnuithe seachtracha (doirse, fuinneoga, leaca san áireamh) | €21,000 |
| 4b | críochnuithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchlásálacha, earraí iarainn) | €7,000 |
| 4c | cláir sciorta | €3,500 |
| 4d | éadain, tairr, earraí báistí | €4,200 |
| 4e | críochnuithe dín (lena n-áirítear gealánacha, éadain, tairr, gáitéir, fánphíobáin) | €14,000 |
| 5 | **Bailchríocha** (lena n-áirítear bailchríocha ar bhallaí seachtracha/inmheánacha; bailchríocha síleála;bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéirfhliucha; bailchríocha dín) | |
| 5a | bailchríocha tílithe/uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha | €2,800 |
| 5b | péinteáil agus maisiúchán | €10,500.00 |
| 5c | bailchríocha dín | €14,000.00 |
| 6 | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil;cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brath deataigh/CO2) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas dothréigiú san áireamh |
| 7 | **Feistis** (lena n-áirítear aonaid chistine feistis sláintíochta/seomra folctha) | |
| 7a | aonaid chistine | €7,700 |
| 7b | feistis sláintíochta / seomra folctha | €2,800 |
| 8 | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha / láithreáin riachtanacha arna ndéanamh laistigh dechúirtealáiste an láithreáin) | €7,000.00 |
| 9 | **Síneadh** laistigh de raon na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas dothréigiú san áireamh |
| 10 | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha (táillí/suirbhéanna)** | 10% + CBL den ghlanchostas tógála nó €14k, cibé acu is lú |

*Cé gur féidir le hoibreacha scartála agus sínte a bheith mar chuid d'iarratas ar an Deontas Athchóirithe doRéadmhaoin Fholamh, ní mór na hoibreacha sin a bheith mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an áit chónaithe atá ann cheana féin de réir chuspóirí na scéime

**24. Cad a tharlaíonn má sháraíonn costas na n-oibreacha méid an deontais?**

Cáilíonn deontas mar atá ceadaithe suas le huasmhéid €50,000 nó €70,000 i gcás réadmhaoine tréigthe deimhnithe don scéim seo. Is faoin iarratasóir atá aon chostas breise atá níos mó ná méid andeontais. Ní mór duit a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais cé acu is féidir nó nach féidir leat íoc as aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas.

**25. An féidir liom féin na hoibreacha athchóirithe a dhéanamh?**

Is féidir. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit meastachán a sholáthar ar chostais a ndéanann foireann theicniúil an údaráis áitiúil measúnú orthu ansin sula ndéanann tú cinneadh maidir le d'iarratas agus faoi réir iniúchadh deiridh ar an láithreán ag an údarás áitiúil. Ní chlúdófar costais saothair sa chás go bhfuil tú i mbun na n-oibreacha tú féin, ach costais na n-ábhar.

**26. An féidir tús a chur le hoibreacha eile ar an réadmhaoin fholamh nach bhfuil éileamh á dhéanamh ina leith sa deontas?**

Is féidir, mar nach bhfuil aon bhaint ag na hoibreacha eile atá idir lámha leis an rud a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith. Seo rud a sheiceálfaidh an t-údarás áitiúil ar a gcéad chuairt theicniúil go dtído réadmhaoin agus le linn na cuairte deiridh tar éis don obair a bheith críochnaithe. Má tá oibreachacurtha i gcrích agat nár fógraíodh / nach ndearnadh iarratas orthu, roimhe seo, ní dhéanfaidh an t- údarás áitiúil íocaíocht deontais a dheonú dóibh sin. Ní féidir iarratas a dhéanamh ach ar oibreacha nach bhfuil tosaithe go fóill.

**27. Cad a tharlaíonn nuair a cheadaítear m'iarratas ar dheontas?**

Eiseofar litir cheadaithe d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus áireofar inti méid an deontais fhaofa. Tugtar faomhadh ó dháta eisiúna na litreach agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse 13 mhí[8]. Ní mór d'iarratasóirían litir a shíniú agus a sheoladh ar ais chun a dheimhniú go dtuigeann siad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an deontas.

Ní mór an doiciméad muirir dá dtagraítear thíos (Q.31) a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an údarás áitiúil, tar éis na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chríochnú, agus sula n-eisítear an íocaíocht deontais.

Is í an Fhoirm Iarratais shínithe, an Litir Cheadaithe shínithe agus an doiciméad Muirir shínithe, an comhaontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás áitiúil.

**28. Cathain is féidir liom tús a chur leis na hoibreacha faofa ar an réadmhaoin cháilithe?**

Is féidir tús a chur le hoibreacha ar an réadmhaoin chomh luath is atá litir cheadaithe / cheadaithe i bprionsabal faighte agat ón údarás áitiúil.

---

[8] I gcúinsí eisceachtúla, dá rogha féin, féadfaidh an t-údarás áitiúil síneadh a dheonú ar an tréimhse ceadaithe 13 mhí.

**29. An bhfuil teorainn ama ann ón uair a bheidh an t-iarratas ceadaithe go dtí go mbeidh na hoibreacha beartaithe críochnaithe go hiomlán?**

Tá tréimhse 13 mhí ag iarratasóirí, ó dháta na litreach ceadaithe, chun na hoibreacha ceadaithe ar an réadmhaoin cháilithe a chur i gcrích.[9]

**30. Cad a tharlaíonn má dhíolaim mo theach?**

Éilítear go mbeidh an t-iarratasóir / na hiarratasóirí ina gcónaí sa réadmhaoin cháilithe nó go mbeidh an réadmhaoin cháilithe ar chíos acu ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais. Má dhíolann tú an réadmhaoin ag am ar bith, nó má scoireann sé de bheith i do phríomháit chónaithe phríobháideach, nó mura bhfuil an réadmhaoin á ligean ar chíos a thuilleadh laistigh de dheich mbliana, ní mór duit gné de luach iomlán an Deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar seo a leanas:

| Suas le 5 bliana | Os cionn 5 bliana agus níos lú nó cothrom le 10 mbliana | Os cionn 10 mbliana |
|---|---|---|
| 100% de mhéid airgeadaíochta an | 75% de mhéid airgeadaíochta an | Gan aon Aisghlámadh |

Sa chás go dtagann titim ar luach na réadmhaoine, beidh an tsuim iomlán airgeadaíochta, faoi réir an chéatadáin aisghlámtha thuas, fós inaisíoctha leis an údarás áitiúil.

Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil gach bliain ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an deontas a íoc(má dhéantar an t-iarratas ar dheontas maidir le réadmhaoin ar chíos).

**Ní mór comhaontú (ina gcuimsítear an Fhoirm Iarratais shínithe, an Litir Cheadaithe shínithe agusan doiciméad Muirir shínithe) a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar na hiarratasóirí nuair a thugtar faoi tharraingt anuas.**

[9] I gcúinsí eisceachtúla, dá rogha féin, féadfaidh an t-údarás áitiúil síneadh a dheonú ar an tréimhse ceadaithe 13 mhí.

**31. Cad is muirear dlíthiúil ann, agus conas a oibríonn sé?**

Ní bhaineann aon aistriú úinéireachta le muirear ach tugann sé cearta ar an réadmhaoin mar urrús. Is cinníoll den Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh é go gcónaíonn an t-iarratasóir sa réadmhaoin nó go ligeann sé / sí ar chíos í ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis an deontas a íoc. Chun leas an údaráis áitiúil a chinntiú, agus chun sláine na scéime a chinntiú, cuirfear muirear i gcoinne na réadmhaoine mar urrús. Sa chás go bhfuil morgáiste ag na hiarratasóirí, is ionainn é i gcónaíagus an chéad mhuirear nó ar an muirear tosaíochta ar an réadmhaoin.

Sula n-íocfar an deontas leis na hiarratasóirí, nuair a bheidh na hoibreacha comhlánaithe agus seiceáilte ag an údarás áitiúil, síneoidh an t-iarratasóir doiciméad muirir. Cuirfidh an t-údarás áitiúil an muirear ar réadmhaoin an iarratasóra ansin. Beidh an táille cothrom le méid an deontais a íocadh. Beidh an muirear i bhfeidhm ar feadh 10 mbliana.

**32. Conas a chlárófar an muirear?**

Cláróidh an t-údarás áitiúil an muirear in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas[10] (CGanna) de réir mar is cuí, tar éis don iarratasóir é a shíniú, sula dtarraingeofar anuas an deontas. Dá mba rud é go dtéann an t-iarratasóir i muinín morgáiste chun an réadmhaoin a cheannach, tabharfar tús áite do mhuirear an bhainc. Má dhíoltar an réadmhaoin, gheobhaidh an banc, mar an chéad sealbhóir muirir, fáltais an díola ar an gcéad dul síos. Gheobhaidh an t-údarás áitiúil, mar shealbhóir muirir ina dhiaidh sin, aon airgead a bheidh dlite ó na fáltais a bheidh fágtha.

**33. Fuair mé réadmhaoin le hoidhreacht agus níl morgáiste agam. An dtabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil?**

Mura bhfuil morgáiste nó muirear eile i gcoinne na réadmhaoine, tabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil.

**34. An dteastaíonn mo thoiliú ón údarás áitiúil chun a mhuirear a chlárú?**

Teastaíonn. Éilíonn an t-údarás áitiúil toiliú an iarratasóra chun muirear a chur i gcoinne na réadmhaoine. Ní mór doiciméad muirir a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t- iarratasóir sula dtarraingítear anuas na cistí. Tá sé seo luaite san fhoirm iarratais atá sínithe ag na hiarratasóirí.

[10] Tugtar "gníomhas" ar an muirear sa chomhthéacs seo. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil difríocht idir an próiseas chun morgáiste a chlárú ar thalamh maidir le talamh cláraithe agus neamhchláraithe.

**35. Cén chéim den phróiseas ag ar cheart an muirear a thaisceadh in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas?**

Ní íocfar an deontas go dtí go gclárófar úinéireacht. Má tá teideal iomlán ag an iarratasóir / na hiarratasóirí ar an réadmhaoin, ba cheart an doiciméad muirir a chur faoi bhráid Landdirect, Tailte Éireann nó Chlárlann na nGníomhas i gcomhthráth le heisiúint an deontais. Ní mór don iarratasóir agus don údarás áitiúil an Doiciméad Muirir a shíniú i láthair finné.

**36. Cad iad na doiciméid ba chóir a thaisceadh isteach in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas?**

Ba chóir an muirear a thaisceadh in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas san fhoirm fhorordaithe (Foirm 49 atá i Sceideal 6 den doiciméad Muirir). Is doiciméad aon leathanaigh í an fhoirm mhuirir fhorordaithe ina bhfuil riachtanais Chlárlann na Talún laistigh den doiciméad muirir

**37. Cad iad na táillí chun muirear a chlárú?**

Is é €175 an táille chun muirear a chlárú i gClárlann na Talún.

**38. An féidir liom achomharc a dhéanamh mura n-éiríonn le m'iarratas ar an deontas?**

Mura n-éiríonn le d'iarratas, is féidir leat scríobh chuig d'údarás áitiúil chun achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh. Ní mór duit scríobh laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach de chuid an údaráis áitiúil nach raibh baint aige / aici leis an measúnú bunaidh an t-achomharc seo a mheas agus déanfaidh sé / sí teagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh suas le sé seachtaine a bheith i gceist leis an bpróiseas seo.

**39. Tá iarratas déanta agam ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) chun maoin fholamh a cheannach agus a athchóiriú do mo phríomháit chónaithe phríobháideach, conas a dhéanfaidh mé iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh?**

Sula ndéanann tú iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, ní mór duit measúnú chéim 1 don Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) a bheith rite agat. Nuair a bheidh measúnú chéim 1 rite agat, ba cheart duit d'fhoirm iarratais ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a chur isteach chuig d'údarás áitiúil.

Ní mór duit na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur san áireamh mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais ar dheontas, lena n-áirítear deimhniú gur éirigh le d'iarratas LAPR i measúnú chéim 1 d'Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil. Cuirfidh an rannóg san údarás áitiúil a bhainistíonn Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil an deimhniú sin ar fáil duit.

**40. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar an iasacht athchóirithe amháin faoi Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) má tá maoin fholamh agam cheana féin a bhfuil sé ar intinn agam í a athchóiriú agus cónaí inti mar mo phríomháit chónaithe phríobháideach?**

Is féidir. Is féidir le hiarratasóirí a bhfuil maoin fholamh acu cheana féin iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar LAPR athchóirithe amháin, faoi réir coinníollacha a bheith comhlíonta don dá scéim. Ní mór d'iarratasóirí a chur in iúl go ndearna siad iarratas / go bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar LAPR athchóirithe amháin ar a bhfoirm iarratais ar Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfar tuilleadh faisnéise a lorg ó d'údarás áitiúil.

**41. Ceadaíodh mé d'Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) nó do LAPR athchóirithe amháin agus don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, cé leis a n-íocfar an deontas nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích ar an réadmhaoin?**

Déanfar an íocaíocht deontais iníoctha leis an rannóg den údarás áitiúil a bhainistíonn Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil.

Mar chuid de d'iarratas ar Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil, beidh ort litir ón Údarás Íocaíochta um Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a shíniú a dheimhníonn go n-údaraíonn tú don údarás áitiúil fáltais iomlána an deontais a íoc leis an rannóg san údarás áitiúil a bhainistíonn an Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil.

**42. Tá tuilleadh ceisteanna agam ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR), cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?**

Féach https://purchaseandrenovationloan.ie/ le haghaidh tuilleadh eolais, lena n-áirítear ceisteanna coitianta ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil.

**43. An bhfuil aon deontas eile ar fáil chun foirgnimh fholmha a uasghrádú?**

D'fhéadfadh Deontas faoi Scéim um Tithe le Fuinneamh Níos Fearr de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) a bheith ar fáil in éineacht leis an deontas seo. Dá bhrí sin, ní chúdófar oibreacha atá clúdaithe ag an Scéim um Tithe le Fuinneamh Níos Fearr SEAI faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Caithfear an t-údarás áitiúil a shásamh nach n-éilítear oibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

I measc na ndeontas SEAI, tá Insliú Áiléir suas le €1,700, Insliú cuasbhalla suas le €1,700, Insliú Inmheánach suas le €4,500, Insliú ar Bhallaí Seachtracha suas le €8,000, Córais Teaschaidéil suas le €6,500 agus Fearais Ghrianfhuinnimh Fhótavoltaigh suas le €2,400. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI: www.seai.ie

**44. Tá níos mó ceisteanna agam faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, cé air gur féidir liom ceist a chur?**

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le hOifigeach na dTithe Folmha i d'údarás áitiúil. Chun liosta a fháil de gach Oifigeach Tithe Folamh i ngach údarás áitiúil agus a sonraí teagmhála a fháil, féach ar aneolas anseo.

gov.ie/housing

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland